

IV

*(Fógraí)*FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó
GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

CINNEADH ÓN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ

an 3 Nollaig 2015

**lena mbunaítear grúpa seachtrach comhairleach ar na gnéithe eiticíúla de chosaint sonraí
("an Grúpa Comhairleach um Eitic")**

(2016/C 33/01)

AN MAOIRSEOIR EORPACH AR CHOSAINT SONRAÍ,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 41(2) agus Airteagal 46(e) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 7 agus le hAirteagal 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus, chomh maith leis sin, le hAirteagal 16 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, déantar meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, agus cosaint sonraí pearsanta, a ráthú.
- (2) Le hAirteagal 41 (2), ag an dara habairt, de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, foráiltear go mbeidh MECS freagrach as comhairle a thabhairt d'institiúidí agus do chomhlachtaí AE agus d'ábhair shonraí ar gach ábhar a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta.
- (3) Le hAirteagal 46 (e) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001, arna fhorhíniú in Airteagal 38 (1) de Rialacha Nós Imeachta an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí an 17 Nollaig 2012 ⁽²⁾, leagtar síos dualgas MECS chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt teicneolaíochtaí nua faisnéise agus cumarsáide agus chun treochtaí atá ag teacht chun cinn agus lena ngabhann tionchar féideartha ar chosaint sonraí a shainaithint.
- (4) Mar thoradh ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, amhail ríomhaireacht olltíomsaithe sonraí agus meaisínfhoghlaim, is féidir sonraí pearsanta a bhailiú agus a úsáid ar bhealaí atá ag éirí níos neamh-thrédhearcaí agus níos casta ná riamh agus, ar an dóigh sin, tá bagairtí suntasacha ar an bpríobháideacht agus ar dhínt an duine á gcruthú.
- (5) Tá sé mar aidhm ag MECS plé oscailte eolasach a spreagadh maidir le heitic sa réimse digiteach, rud a ligeann don AE tairbhí na teicneolaíochta a bhaint amach don tsochaí agus don gheilleagar agus, ag an am céanna, a neartaíonn cearta agus saoirsí daoine aonair, go háirithe a gcearta chun príobháideachta agus cosaint sonraí.
- (6) Le Tuairim an 11 Meán Fómhair 2015 ó MECS — I dtreo eitice nua sa réimse digiteach: Sonraí, Dínit agus Teicneolaíocht — fógraítear bunú Ghrúpa Chomhairligh Eitice.

⁽¹⁾ IO L 8, 12.1.2001, lch. 1.⁽²⁾ IO L 273, 15.10.2013, lch. 41.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis seo an grúpa seachtrach comhairleach ar na gnéithe eiticíúla de chosaint sonraí (“an Grúpa Comhairleach um Eitic”, dá ngairtear: “an Grúpa Comhairleach”) anseo ina dhiaidh seo.
2. Déanfar comhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh a cheapadh don tréimhse ó 1 Feabhra 2016 go dtí 31 Eanáir 2018.

Airteagal 2

Cúraimí

1. Déanfaidh an Grúpa Comhairleach:
 - a) na gnéithe eiticíúla de chosaint sonraí a anailísiú;
 - b) moltaí a chur faoi bhráid MECS arna iarraidh sin;
 - c) moltaí faoi thaighde a thíolacadh, agus comhar idirdhisciplíneach á chothú;
 - d) dhá thuarascáil phoiblí ar a laghad a chur ar fáil;
 - e) ról a thabhairt do shaineolaithe eile ina chuid oibre ar bhonn buan nó ar bhonn *ad hoc*, nuair is iomchuí, go háirithe i gcás ina bhféadfadh na saineolaithe eile sin eolas breise agus taithí bhreise nach bhfuil le fáil cheana féin sa Ghrúpa Comhairleach a chur ar fáil dó, lena n-áirítear taithí sna réimsí leighis, sláinte, airgeadais, fuinnimh, rialachais rialtais, póilíneachta nó slándála;
 - f) toimhdí a chur faoi bhráid lucht éisteachta criticiúil agus torthaí mhachnamh an Ghrúpa Chomhairligh a thomhas i gcomparáid le taithí cleachtóirí eile.
2. Beidh seachadtaí an Ghrúpa Chomhairligh bunaithe ar bhonn fóna cobhsaí i dtaca le heolas, fianaise eimpíreach agus dian-ghrinnscrúdú.
3. Déanfaidh MECS torthaí oibre an Ghrúpa Chomhairle a chur faoi bhráid lucht éisteachta leathan i gcomhthéacs ceardlann nó comhdhálacha.

Airteagal 3

Comhairliúchán

Féadfaidh MECS dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach maidir le haon ní a bhaineann leis na gnéithe eiticíúla de chosaint sonraí.

Airteagal 4

Comhaltas — Ceapadh

1. Cuimseoidh an Grúpa Comhairleach seisear pearsan iomráiteach ar a mhéad ar daoine iad a bhfuil taithí chruthaithe acu ar thaighde agus ar anailís i réimsí atá bainteach leis na gnéithe eiticíúla de chosaint sonraí.
2. Déanfar na comhaltaí a cheapadh i gcáil phearsanta.
3. Gníomhóidh na comhaltaí go hiomlán neamhspleách agus saor ó aon choinbhleacht leasa iarbhir nó féideartha a éiríonn as aon bhaint atá acu le heagraíochtaí poiblí nó príobháideacha a bhfuil leas polaitiúil nó eacnamaíochta acu i ngníomhaíochtaí nó i gconclúidí an Ghrúpa Chomhairligh.
4. D'fhéadfadh sé go gceanglófaí ar dhaoine, mar choinníoll a ghabhann lena gceapachán, dearbhú a dhéanamh maidir le haon chleamhnachtaí a bhí acu nó atá acu leis na heagraíochtaí dá dtagraítear sa tríú mír, i gcás inarb ábhartha sin chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint.

Airteagal 5

Oibríocht

1. Roghnóidh an Grúpa Comhairleach Cathaoirleach óna chomhaltaí.
2. De bhreis ar chruinnithe den Ghrúpa Comhairleach a bhfreastalaíonn na comhaltaí orthu i bpearsa, féadfaidh an Grúpa Comhairleach teacht le chéile ar mhodh fíis-chomhdhála nua nó ar mhodh iomchuí eile ina n-úsáidtear teicnící cumarsáide.
3. Tar éis comhaontú a dhéanamh leis an nGrúpa Comhairleach, féadfaidh MECS cuireadh a thabhairt do shaineolaithe nach comhaltaí den ghrúpa iad ach atá cáilithe chun páirt a ghlacadh in obair an Ghrúpa Chomhairligh ar bhonn buan nó ar bhonn *ad hoc*.
4. Ina theannta sin, féadfaidh an Cathaoirleach cuireadh a thabhairt do bhreathnóirí freastal ar ghníomhaíochtaí an ghrúpa ar bhonn *ad hoc*.
5. Déanfaidh comhaltaí an ghrúpa mar aon le saineolaithe agus breathnóirí a mbeidh cuireadh faighte acu, na hoibleagáidí go léir a ghabhann le rúndacht ghairmiúil agus atá leagtha síos le hAirteagal 45 de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a chomhlíonadh. Déanfaidh an Cathaoirleach MECS a choimeád ar an eolas ar bhonn rialta faoi obair an ghrúpa.

Airteagal 6

Oibleagáidí MECS

1. Déanfaidh MECS comhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh a cheapadh tar éis léiriú spéise a iarraidh agus ar bhonn na comhairle a gheofar ó choiste réamhroghnúcháin.
2. Soláthróidh MECS rúnaíocht an Ghrúpa Chomhairligh. Déanfar oifigeach de chuid MECS a cheapadh mar Rúnaí an ghrúpa.
3. Glacfaidh MECS na Téarmaí Tagartha agus na Rialacha Níos Imeachta don Ghrúpa Comhairleach.
4. Déanfaidh MECS an fhaisnéis ábhartha go léir atá ar fáil maidir leis na gníomhaíochtaí a chuireann an Grúpa Comhairleach i gcrích a chur ar fáil i sainchuid dá láithreán gréasáin.

Airteagal 7

Caiteachas a chomhlíonadh

1. Ní thabharfar luach saothair do chomhaltaí an Ghrúpa Chomhairligh i ndáil leis na seirbhísí a sholáthraíonn siad.
2. Déanfaidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí caiteachais taistil agus cothaithe a thabhaíonn rannpháirtithe i ndáil le gníomhaíochtaí an Ghrúpa a aisíoc.
3. Faoi na coinníollacha céanna, féadfar aisíocaíocht a thabhairt do shaineolaithe agus do bhreathnóirí a mbeidh cuireadh faighte acu, a mhéid a dhaingneoidh Rúnaí an Ghrúpa Chomhairligh go bhfuil buiséad ar fáil dá rannpháirtíocht.

Airteagal 8

Rochtain phoiblí ar dhoiciméid agus próiseáil sonraí pearsanta

1. Beidh rochtain ag an bpobal ar dhoiciméid a ullmhaíonn an Grúpa Comhairleach, i gcomhréir leis na prionsabail atá leagtha síos le Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Parlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin ⁽¹⁾.
2. Déanfaidh MECS sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a fhoilsiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001.

⁽¹⁾ IO L 145, 31.5.2001, lch. 43.

*Airteagal 9***Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh na forálacha seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a sínithe agus foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 3 Nollaig 2015.

Giovanni BUTTARELLI
An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí
